

Eleathanach311

Dé Luain 28 Eanáir 2019

Shane Lowry: bua in Abu Dhabi!


Rugadh Shane Lowry ar an 2ú lá de mhí Aibreáin 1987. Is as Clóirtheach, Contae Uíbh Fhailí, é.

Nuair a bhí sé dhá bhliain déag d'aois, thosaigh sé ag imirt gailf.

Thosaigh sé ag imirt mar amaitéarach agus sa bhliain 2009 bhuaigh sé Craobhchomórtas Oscailte Gailf na hÉireann. Ina dhiaidh sin chuaigh sé ina cheann go gairmiúil.

Bhuaigh sé Craobh na Máistrí sa Phortaingéil sa bhliain 2012. An deireadh seachtaine seo caite, bhí bua iontach aige.

Tháinig sé ar ais go láidir agus bhuaigh sé an Craobhchomórtas in Abu Dhabi.
(Rang a cúig, Scoil Bhríde, Co. Uíbh Fhailí)



Aimsir an gheimhridh anseo, ach aimsir an-te san Astráil!

Thar an deireadh seachtaine thug Met Éireann rabhadh dúinn faoin aimsir. Deir siad go mbeidh an aimsir fuar i rith na seachtaine le teocht -5 in áiteanna. Deir siad go mbeidh sioc trom ann agus go bhfuil seans ann go mbeidh sneachta againn freisin.

Tá an aimsir i bhfad níos teo san Astráil faoi láthair. Bhí an teocht chomh hard le 49 céim i rith na seachtaine. Sa zú in Adelaide, thug siad uachtar reoite do na pandaí agus chuaigh na hiéanaí ag snámh.

Tá daoine buartha go dtosóidh tinte agus toisc go bhfuil an talamh chomh tirim go scaipfidh an tine go forleathan.



Dancing with the Stars

Tá an clár *Dancing With the Stars* ar ais ar an teilifís. Gach seachtain bíonn daoine cáiliúla ag damhsa le damhsóirí proifisiúnta.

An tseachtain seo caite d'fhág Eilish O'Carroll an clár. Bhí sí ag damhsa le Ryan Mc Shane, an damhsóir proifisiúnta. An bhliain seo caite bhí Ryan ag damhsa le hErin McGregor agus d'fhág siad an comórtas sa bhabhta leathcheannais.

Dé Domhnaigh d'fhág Holly Carpenter an clár. Bhí sí ag damhsa le Trent Whiddon. Ní raibh Trent ar an gclár an bhliain seo caite. Bhí díomá ar Holly nuair a chuala sí nach bhfuair sí go leor vótaí.

